

<b>Cluichí sa rang chun an Ghaeilge a chur chun cinn</b>	
<b>Mím</b>	<p>Focal/frása a mhíniú trí phíosa míme a dhéanamh. Leanaí i mbun tomhais.</p> <p><i>Cad atá á dhéanamh aige/aici?</i>  <i>Tá sé/sí ag _____. An bhfuil sé/sí ag _____.</i></p>
<b>Cluiche Kim</b>	<p>Imrítear an cluiche seo le trealamh an chluiche nó le pictiúir.</p> <p><i>Cad a thóg mé? Thóg tú an _____. Ar thóg tú an _____?</i>  <i>Cad atá imithe? Tá an _____ imithe. An bhfuil an _____ imithe?</i></p>
<b>Cuir an Beart Thart</b>	<p>Suíonn na leanaí i gciorcail. Cuireann siad an beart thart ó dhuine go duine. Tá an múinteoir ag seinm ceoil fad is atá sé seo ar siúl. Nuair a stopann an ceol caithfidh an leanbh a bhfuil an beart aige/aici an teanga a úsáid, <i>m.sh. Ceapaim go bhfuil _____ sa bheart seo.</i> Leantar ar aghaidh leis an gcluiche sa tslí chéanna agus ag an deireadh beidh cead ag páiste amháin an beart a oscailt. <i>Tá _____ sa bheart seo. Bhí an ceart agam. Bhí an ceart ag _____.</i> <i>Maith thú!</i></p> <p>Is féidir níos mó ná beart amháin a chur timpeall an chiorcail.</p>
<b>Babhla Torthaí</b>	<p>Suíonn na leanaí i gciorcail. Tugann an múinteoir ainm ar leith do na leanaí (foclóir/focail ón gceacht Gaeilge <i>m.sh. úll, óráiste, banana, piorra, kiwi, srl</i>)</p> <p>Seasann an múinteoir i lár an chiorcail agus nuair a ghlaonn an múinteoir focal ar leith amach (<i>m.sh. piorra</i>) caithfidh gach leanbh a bhfuil an focal sin aige/aici bogadh timpeall go háit nua.</p>
<b>Ceisteanna a chur</b>	<p>Iarrtar ar na leanaí ceisteanna as Gaeilge a chumadh ag deireadh an cheachta don rang. Beidh na ceisteanna seo bunaithe ar an gceacht Gaeilge nó ar eachtraí ranga <i>m.sh.</i></p> <p><i>Cad é an focal Gaeilge atá ar “_____”?</i>  <i>Cá bhfuil _____ inniu?</i>  <i>Cén dath atá ar an mbosca bruscair?</i>  <i>Sa leabhar Gaeilge, cá raibh _____ ag dul?</i></p> <p><i>Cuir ceist ar an rang?</i></p>
<b>Biongó</b>	<p>Dáiltear greillí a bhfuil pictiúir a bhaineann leis an gcluiche ar na leanaí. Glaonn an múinteoir amach <b>abairt</b> a bhaineann leis an gcluiche agus béim á leagan aici ar an spriocfhocal. Clúdaíonn na leanaí an pictiúr sin má tá sé ar a gcárta acu. Bíonn an bua ag an leanbh a chlúdaíonn a g(h)reille go léir agus a ghlaonn “Biongó” amach. <i>Bhuaigh mise. Bhí an bua agam. Níor bhuaigh mé, ní raibh _____ agam.</i></p>
<b>Cluiche “Snap”</b>	<p>Beidh paca cártaí riachtanach atá oiriúnach le pictiúir nó focail. Ní mór do leanaí “Snap” a ghlaoch amach má fhreagraíonn an pictiúr nó an focal ar an gcárta a chuirtear síos leis an bpictiúr nó leis an bhfocal a bhí ar an gcárta a cuireadh síos díreach roimhe sin. Tá dhá _____ agam. Tá peire _____ agam.</p>

<p><b>Feicim le mo shúilín ...</b></p>	<p>Imríonn na leanaí an cluiche seo bunaithe ar na rudaí a fheiceann siad sa seomra ranga / sa halla /sa chlós m.sh. <i>“Feicim le mo shúilín rud éigin a thosaíonn leis an litir ___.”</i> An _____ é? Ní hea. 'Sea.</p>
<p><b>Cén pictiúr atá agat?</b></p>	<p>Cuirtear na leanaí ag obair i mbeirteanna. Tugtar trí nó ceithre phictiúr do leanbh A nó bileog ina bhfuil trí / ceithre phictiúr uirthi. Tugtar pictiúr amháin do leanbh B le féachaint air ar feadh 10 soicind agus ansin bíonn ar B an pictiúr a chasadh bun os cionn. Níl cead ag páiste A féachaint ar an bpictiúr atá ag páiste B ach tá cead ag páiste B féachaint ar na pictiúir go léir atá ag páiste A. Ar dtús, déanann B cur síos ar an bpictiúr atá aige/ aici m.sh <i>Tá liathróid sa phictiúr. Tá teach beag sa phictiúr. Tá an ghrian ag taitneamh sa phictiúr.</i> Ní mór do A an pictiúr atá ag B a aithint. <i>An é sin é? ”sea. Ní hea.</i> Is féidir le A ceisteanna eile a chur ar B, más gá. Malartaítear na rólanna agus na cártaí le beirt eile agus leantar ar aghaidh leis an gcluiche.</p>
<p><b>Athinsint ó bhéal ar scéal / ar chluiche / ar eachtra a tharla</b></p>	<p>Obair ghrúpa. Ní mór cúpla nóiméad a thabhairt do na grúpaí chun an athinsint a ullmhú. (Beidh abairt nó níos mó ag teastáil ó gach duine sa ghrúpa – <i>ar dtús, ansin, ina dhiaidh sin, tar éis tamaill, ar deireadh</i>) Beidh tascanna éagsúla ag gach grúpa (scéal a athinsint, cur síos ar an gcluiche a d’imir siad sa halla, eachtra a tharla ar scoil) agus beidh cead acu ceisteanna a chur ar an múinteoir m.sh. <i>Conas a deireann tú? Cád é an focal Gaeilge ar ___?</i></p>
<p><b>Ar dtús, sa lár (ansin), ar deireadh</b></p>	<p>Triúr sa ghrúpa. Bíonn ar na leanaí sceitse beag simplí le gníomhaíochtaí nó geáitsí a chruthú le chéile. Mím atá anseo. Bíonn gníomh amháin ag gach duine sa ghrúpa i scéal beag leanúnach (beidh trí chéim sa scéal m.sh. <i>Bhí ocras ar Áine. D’oscail sí an cuisneoir. D’ith sí íogart.</i></p> <p>Nuair a bheidh an rang ag faire ar an ngrúpa glaonn an rang amach <i>“Ar dtús”</i> agus déanann an chéad duine an mím. Bíonn ar an rang iarracht a dhéanamh an gníomh a aithint. Ansin <i>“Sa lár”</i> nó <i>“Ansin”</i> ..... Agus <i>“Ar deireadh”</i> .....</p>
<p><b>Frámaí Reoite/ Íomhánna Neamhbheo bunaithe ar an téacs léitheoireachta sa leabhar Gaeilge</b></p>	<p>Grúpaí de thriúr. Iarrtar ar gach grúpa eachtra amháin a roghnú as an scéal sa leabhar Gaeilge agus “pictiúr nó grianghraf” a dhéanamh den chuid ar leith sin. Taispeánann gach grúpa a bhfráma reoite grúpa ar ghrúpa agus déanann na leanaí eile sa rang an chuid den scéal a thomhas.  Ar deireadh is féidir iarracht a dhéanamh na frámaí reoite a chur in ord agus tugtar deis do na leanaí sa rang an scéal a athinsint le cabhair na bhfrámaí.</p>